# Foirm TSC2

## Tuairisceán Ranníocaíochta Dlúthpháirtíochta Sealadaí agus Féinmheasúnú don tréimhse inmhuirir 2022

**Uimhir Thagartha Cánach**

Bí cinnte an uimhir seo a lua i ngach comhfhreagras le do thoil

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |

Ainm agus Seoladh an chuideachta (Eircode san áireamh)

Ba chóir an tuairisceán seo a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim trí M'Fhiosruithe ar nó roimh 23 Meán Fómhair 2023 i leith na tréimhse inmhuirir, 1 Eanáir go 31 Nollaig 2022.

Féach ar an treoir seo a leanas ó na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh eolas maidir le M’Fhiosruithe, lena n-áirítear eolas ar an gcaoi le clárú:
**Lámhleabhar Cánach agus Dleachta - M’Fhiosruithe**
Nuair atá an tuairisceán seo á thíolacadh trí M’Fhiosruithe, sonraigh catagóir an fhiosraithe mar seo a leanas:
Faoin réimse 'Baineann m’fhiosrú le', roghnaigh 'Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach (RSD)'
Faoin réimse ‘Agus níos beaichte’ roghnaigh ‘Tuairisceáin - RDS’

**Pionóis Shibhialta/Ionchúiseamh Coiriúil –** Tabhair do d’aire go bhforáiltear sa reachtaíocht do phionóis shibhialta agus do phionóis choiriúla araon as ucht loiceadh tuairisceán a dhéanamh, as ucht tuairisceán bréagach a thabhairt, nó as ucht tuairisceán bréagach a éascú, nó má éilítear liúntais nó faoisimh chánach nach bhfuil dlite.

I gcás ionchúiseamh coiriúil, féadfaidh sé, i gcás duine a chiontaítear ar díotáil i gcion, go mbeidh an duine faoi réir fíneáil nach mó ná €126,970 agus / nó fíneáil eile suas le dhá oiread na difríochta idir an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta shealadach dearbhaithe atá dlite agus an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta shealadach a fhaightear ar deireadh a bheith dlite agus / nó príosúnacht.

**NÍ MÓR DUIT AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ**

DEARBHAÍM, ar feadh m’eolais agus mo thuairime, go bhfuil an tuairisceán seo ceart agus comhlánaithe

Síniú ______ Dáta (LL/MM/BBBB) __ __ / __ __ / __ __ __ __

Cáil an tSínitheora ______

**Sonraí Teagmhála (i gcás fiosrú faoin tuairisceán seo)**

TAIN an Ghníomhaire ______ Ainm Teagmhála ______

Tagairt an Chliaint ______ Fón nó Ríomhphoist ______

**Uimhir Thagartha Cánach** | | | | | | | | | |

**Féach an Lámhleabhar Cánach agus Dleachta 24B-01-01 le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an tuairisceán seo a chomhlánú.**

**Ní mór gach bosca a chomhlánú, fiú sa chás go bhfuil an iontráil 'nialas' nó 'ní bhaineann le hábhar' le cur isteach. Sonraigh suim dhiúltach i lúibíní.**

| | | |
|---|---|---|
| 1.1 | Suim na mbrabús incháinithe don tréimhse inmhuirir (alt 697S ACC, 1997) | € |
| 1.2 | Muirir ar ioncam asbhainte agus an méid i mbosca 1.1 á ríomh (alt 697S(1)(a) ACC 1997) | € |
| 1.3 | Caiteachas caipitiúil asbhainte agus an méid i mbosca 1.1 á ríomh (alt 697S(1)(a) ACC 1997) | € |
| 1.4 | Caiteachas caipitiúil tugtha ar aghaidh agus asbhainte agus an méid i mbosca 1.1 á ríomh (alt 697S(3)(a) ACC 1997) | € |
| 1.5 | Suim an mheánbhrabúis incháinithe i leith na mblianta tagartha (alt 697T ACC 1997) | € |
| 1.6 | Muirir iomlána ar an ioncam asbhainte agus an méid i mbosca 1.5 á ríomh (alt 697S(1)(a) ACC 1997) | € |
| 1.7 | Iomlán an chaiteachais chaipitiúil asbhainte agus an méid i mbosca 1.5 á ríomh (alt 697S(1)(a) ACC 1997) | € |

1.8 Sa chás go n-áirítear sa mhéid ag 1.5 thuas méid a bhaineann le gníomhaíochtaí ábhartha cuideachta réamhtheachtaí de réir alt 697T(3) den ACC, 1997, tabhair na sonraí seo a leanas:

(a) Ainm na cuideachta réamhtheachtaí

(b) Uimhir thagartha cánach na cuideachta sin

(c) An dáta ar glacadh na gníomhaíochtaí ábhartha ar láimh: (LL/MM/BBBB) __ __ / __ __ / __ __ __ __

**Féinmheasúnú déanta faoin Acht Fuinnimh (Gnóthachain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach), 2023.**

| | | |
|---|---|---|
| 1.9 | Suim na Ranníocaíochta Dlúthpháirtíochta Sealadaí iníoctha don tréimhse 2022: | € |

# Tuairisceán 2022 – Bileog chabhrach – TSC2

De réir riachtanais an Achta Fuinnimh (Gnóthachain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach), 2023, ba chóir an tuairisceán seo a bheith comhlánaithe:

- ag Cuideachta Fuinnimh nó duine a bhfuil an t-údarú acu gníomhú thar ceann na Cuideachta Fuinnimh;
- I ndáil le gach ceann de na tréimhsí inmhuirir, é a dhéanamh ar an 23 Meán Fómhair nó roimhe sa bhliain tar éis na tréimhse inmhuirir;
- Más cuí, déantar tuairisceáin nialasacha.

**Cé ba chóir an Fhoirm TSC2 a chomhlánú?**

Ní mór do gach cuideachta laistigh de raon feidhme na Ranníocaíochta Dlúthpháirtíochta Sealadaí, de réir an Achta Fuinnimh (Gnóthachain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach) 2023, tuairisceán a ullmhú agus a thíolacadh do na Coimisinéirí Ioncaim.

**Cén chaoi a bhfuil an tuairisceán sínithe?**

Féadfaidh sé gur mian leis an duine atá ag comhlánú an tuairisceáin cóip den tuairisceán a phriontáil chun a síniú a chur ar fáil. Ba chóir an chóip shínithe a scanadh agus a thíolacadh do na Coimisinéirí Ioncaim trí M'Fhiosruithe. De rogha air sin, féadfaidh an duine an tuairisceán a chomhlánú go leictreonach agus ríomhshíniú a sholáthar ar leor é mar shíniú chun críche Chaibidil 6 de Chuid 38 den ACC, 1997.

**Formhuirear ar thuairisceán a thíolacadh go déanach**

Foráiltear le hAlt 17 den Acht Fuinnimh (Gnóthachain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach) 2023 d’fhormhuirear a fhorchur sa chás go dtíolactar tuairisceán go déanach nó go meastar é a bheith tíolactha go déanach mar gheall ar thuairisceán mícheart a bheith tíolactha.

**Taifid a choinneáil**

Ní mór gach taifead a bhaineann leis an tuairisceán seo agus leis an dliteanas i leith Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach a choinneáil ar feadh 6 bliana mura luaitear a mhalairt.

**Sonraí íocaíochta**

Ba chóir gach íocaíocht maidir leis an Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach a íoc trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS).

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim